



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

Cód Iompair do Chustaiméirí agus Baill den Phobal

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Dhún na nGall seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil, i dtimpeallacht atá sábháilte agus slán. Chun é seo a bhaint amach, iarraidimid ar ár gcustaiméirí a thabhairt faoi deara nach nglacfar leis an iompar seo a leanas in aon cheann dár n-áiseanna. Bunaíodh an Cód Iompraíochta seo dóibh siúd go léir a úsáideann na háiseanna agus a dhéileáilann le Comhairle Contae Dhún na nGall, lena n-áirítear custaiméirí, baill tofa agus baill den phobal.

Tabhair faoi deara nach bhfuil an t-iompar seo a leanas inghlactha:

1. Iompar a chuireann isteach ar úsáid agus taitneamh na háise ag daoine eile agus a chuireann isteach ar an úsáid sin.
2. Ciapadh fostaithe nó baill den phobal trí úsáid a bhaint as teanga mhaslach, chiníoch, ghraosta nó bhagrach.
3. Úsáid foréigin nó bagairt foréigin i leith fostaithe agus/nó baill den phobal.
4. Ráitis neamh-inghlactha nó ábhar maslach a phostáil ar aon ardán meán sóisialta nó suíomh Idirlín faoi fhostaithe na Comhairle a thagraíonn dá ról leis an Chomhairle nó a bhaineann lena ról.
5. Damáiste mailíseach do agus/nó goid mhaoine na Comhairle.
6. Alcól agus drugaí mídhleathacha a úsáid le linn áiseanna na Comhairle a úsáid.
7. Caitheamh tobac in áiteanna poiblí in áitribh na Comhairle.
8. Maoin phearsanta a bheith fágtha gan duine ina aire agus áiseanna na Comhairle á n-úsáid.
9. Taifeadh fuaime nó físeáin neamhúdraithe lena n-áirítear sruthú beo.

Cuidigh linn, le do thoil, úsáid fhreagrach agus mhachnamhach a spreagadh as áiseanna na Comhairle tríd an Chód Iompraíochta a chomhlíonadh.

Má sháraítear na téarmaí agus coinníollacha seo beidh cosc ar rochtain ar an tseirbhís Leabharlainne. Beidh tréimhsí fionraíochta faoi rogha Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall. Féadfar úsáideoirí a chur ar fionraí go buan ón tseirbhís mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha nó arís agus arís eile ar na téarmaí agus coinníollacha.

Tá 30 lá ag baill chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an fhionraí. Ba cheart an t-achomharc a dhéanamh i scríbhinn/ríomhphost chuig an Leabharlannaí Contae.